# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

## CLEACHTAÍ FOGHRAÍOCHTA

# PÉIRÍ ÍOSMHÉIDE

### Aidhm

Ag cleachtadh na foghraíochta:
Ag cleachtadh fuaimeanna ar leith ag baint úsáide as péirí íosmhéide - sin focail nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach fuaim ar leith.

### Treoir

Cruthaigh abairtí a léiríonn na codarsnachtaí fuaime a bhfuil tú ag díriú orthu (consain leathana agus consain chaola, cuir i gcás). Tabhair cóip de na habairtí do na foghlaimeoirí agus cuir gach beirt á gcleachtadh os ard le chéile. Ansin iarr orthu gluaiseacht timpeall an ranga ag cleachtadh na bhfuaimeanna le foghlaimeoirí eile.

### Sampla

Tá an **lá** ag **leá** go tapa.
Ná **bí** ag féachaint ar an ngúna **buí** sin – tá go leor gúnaí **buí** agat!
Tá an **Taoi**seach ag bun an **tí**.
Tá **Saoi**rse agus **Sí**le ag dul amach anocht.
Tá an **le**on ag ithe **ló**in.

### Forbairt / Nótaí

Is féidir úsáid a bhaint as rannta agus dánta chun aird a tharraingt ar na codarsnachtaí fuaime.

Sampla: 'Tá tuí ar thaobh an tí tuí tá thíos sa toinn'

snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

# CLEACHTAÍ STÓR FOCAL

# AG BAINT ÚSÁIDE AS QUIZ ILROGHA

## Aidhm


Ag baint úsáide as *Wordwall* chun *quiz* a chruthú ar mhaithe le stór focal a chleachtadh.

Déanann na foghlaimeoirí cleachtadh ar stór focal atá curtha ina láthair trí mheán *quiz* ilrogha.

## Treoir

Tá feidhm laistigh den phacáiste *Wordwall* a chuireann ar chumas an mhúinteora *quiz*eanna ilrogha a dhearadh. Is féidir stór focal a chleachtadh trí chluichí a dhearadh ina mbíonn ar fhoghlaimeoirí sainmhíniú a cheangal leis an bhfocal cuí. Tá sampla thíos.

## Sampla




## Forbairt / Nótaí

Is féidir an cluiche seo a chur in oiriúint d'aon topaic ranga ina bhfuil stór focal le cleachtadh.

Sampla:
'Bíonn ranganna aclaíochta ar siúl anseo' = 'spórtlann'
'Téim anseo chun béile a ithe le mo chairde' = 'bialann'

FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

# CLEACHTAÍ CAINTE

# AG LORG MOLTAÍ

## Aidhm

Cleachtadh cainte:

Ag lorg moltaí ar fhoghlaimeoirí eile maidir le topaicí éagsúla atá spéisiúil dóibh.

## Treoir

Réitigh bileog / cártaí ar a bhfuil topaicí éagsúla (sampla thíos). Iarr ar na foghlaimeoirí siúl timpeall an ranga ag bualadh le daoine éagsúla agus moltaí a lorg orthu faoi ábhair éagsúla a mheasann tú a bheadh spreagúil dóibh.

## Sampla

- Táim ag iarraidh féachaint ar chlár maith teilifíse anocht. An bhfuil moladh agat dom?
- Táim ag iarraidh dul as baile i gcomhair deireadh seachtaine. An bhfuil moladh agat dom?
- Ba mhaith liom dul amach le mo chara ag an deireadh seachtaine. An bhfuil moladh agat dom?
- Is fada an lá ó léigh mé leabhar! An bhfuil moladh agat dom?

## Forbairt / Nótaí

Is féidir iarraidh ar na foghlaimeoirí a gcuid topaicí féin a chumadh roimh ré. Iarr ar gach duine moladh atá uathu a scríobh ar phíosa páipéir agus ansin siúl timpeall ag lorg moltaí ó dhaoine éagsúla sa rang agus ag tabhairt moltaí dóibhsean chomh maith.